Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1009 a mhéid a bhaineann le lipéadú digiteach táirgí leasacháin AE

(COM(2023) 98 final — 2023/0049 (COD))

(2023/C 293/16)

Rapóirtéir: **John COMER**

Comhairliúchán	Parlaimint na hEorpa, 13.3.2023
	An Chomhairle, 6.3.2023
Bunús dlí	Airteagal 114 agus Airteagal 304 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh
Rannóg atá freagrach	Talmhaíocht, Forbairt Tuaithe agus an Comhshaol
Dáta a glactha sa rannóg	1.6.2023
Toradh na vótála	38/0/2
(ar son/in aghaidh/staonadh)	
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	14.6.2023
Seisiún iomlánach Uimh.	579
Toradh na vótála	
(ar son/in aghaidh/staonadh)	209/0/4

1. **Conclúidí agus moltaí**

Seo a leanas seasamh Choiste Eacanamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE)

1.1. Is céim an-dearfach chun cinn é lipéadú digiteach deonach do tháirgí leasacháin a bheith á thabhairt isteach agus ba cheart dícheall is dúthracht a dhéanamh chun oibreoirí eacnamaíocha a spreagadh leis an lipéadú digiteach a úsáid.

1.2. Ní mór faireachán cúramach a dhéanamh ar an mbaol go mbeidh deighilt dhigiteach ann dá thoradh sin. D'fhéadfadh sé go bhfágfaí roinnt grúpaí leochaileacha tuilleadh fós ar gcúl de thoradh an digitithe in ainneoin na forála atá sa togra maidir le rogha mhalartach a bheith ar fáil ach í a iarraidh. B'inmholta an ní é dá mbeadh amlíne agus tuilleadh soiléireachta ann maidir le conas a chuirfí an rogha eile sin i ngníomh go héifeachtach.

1.3. Ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha a bhaineann úsáid as an lipéadú digiteach bearta faoi leith a dhéanamh sa bhreis ar a bhfuil molta ag an gCoimisiún chun a chomhairliú d'úsáideoirí deiridh an lipéad digiteach a cheadú agus chun spreagadh a thabhairt dóibh ina leith sin.

1.4. Tá imní ar roinnt úsáideoirí deiridh go mbeidh ró-rianú i bhfeidhm ar shuíomhanna an lipéadaithe dhigitigh. Ní mór dóthain gealltanas a thabhairt nach ndéanfar rianú neamhriachtanach ar lucht úsáidte na suíomhanna sin.

1.5. Is díol sásaimh do CESE an togra seo toisc go ndíríonn sé ar na slite ina bhféadfaí úsáid éifeachtúil táirgí leasacháin a fheabhsú, costais a laghdú agus digitiú na hearnála talmhaíochta a chur chun cinn, rud is díol sásaimh freisin.

1.6. Ós inmholta sampláil ithreach a dhéanamh sula mbaintear leas as táirgí leasacháin, ba cheart suntas a tharraingt ar an moladh sin ar an lipéad fisiceach agus ar an lipéad digiteach araon. Dhéanfadh an gníomh sin leas an chomhshaoil agus shábhálfaí airgead dá bharr.

1.7. Ba cheart an dearadh agus an fhormáid, ar a n-áirítear clómhéid íosta na lipéad fisiceach, a shonrú sa togra d'fhonn cumarsáid shoiléir shothuigthe a áirithiú.

1.8. I gcás pacáistí 1 000 kg, nó os a chionn sin, de tháirgí leasacháin, moltar gan ceangal a bheith ann lipéad digiteach a chur ar fáil dóibh ach amháin i gcás ina gcinneann oibreoirí eacnamaíocha ar an lipéadú digiteach a úsáid. I gcás pacáistí de tháirgí leasacháin faoi bhun 1 000 kg, ba cheart ceangal a bheith ann i ngach cás lipéad fisiceach a chur orthu fiú i gcás ina gcinneann oibreoirí eacnamaíocha ar lipéad digiteach a úsáid.

2. **Cúlra**

2.1. Le Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), tugadh isteach ceanglais lipéadaithe is fairsinge go mór ná na ceanglais atá áirithe i Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]). Ba léiriú é an rialachán nua sin ar éilimh nua agus ábhair imní nua a bhí tagtha chun cinn sa tsochaí agus is léiriú é, ina theannta sin, ar an gcaoi a ndéanann na rialacha nua sin margadh an Aontais a oscailt do tháirgí leasacháin atá nuálach anaithnid agus a bhfuil treoracha mionsonraithe don úsáideoir deiridh ag teastáil ina leith.

2.2. Is deacair lipéid ró-líonta a léamh. Má tá an iomad sonraí ar lipéad, is baol go ndéanfar an teachtaireacht riachtanach atá de dhíth ar úsáideoirí deiridh a fholach orthu.

2.3. Bíonn deacrachtaí ag oibreoirí eacnamaíocha na lipéid sin a bhainistiú agus gabhann costais mhéadaithe leo toisc gur gá na lipéid a thabhairt cothrom le dáta go minic.

2.4. An leasú atá beartaithe ar Rialachán (AE) 2019/1009, tá sé á rialú ag na cuspóirí ginearálta céanna atá leis an leagan reatha de Rialachán (AE) 2019/1009, eadhon ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol a áirithiú maille le margadh inmheánach dea-fheidhmiúil.

2.5. Rinne an Coimisiún suntas do dhá fhadhb faoi leith agus déantar iarracht aghaidh a thabhairt orthu leis an togra seo, mar atá:

— inléiteacht na lipéad fisiceach a fheabhsú agus

— bainistiú na lipéad ag oibreoirí eacnamaíocha a éascú.

2.6. De réir Airteagal 6(7) de Rialachán (AE) 2019/1009, ní mór na ceanglais lipéadaithe uile atá sonraithe in Iarscríbhinn III a áireamh ar an lipéad fisiceach.

2.7. Leis an togra seo, tugtar isteach digitiú deonach lipéad le haghaidh táirgí leasacháin AE. Is féidir leis na monaróirí, na hallmhaireoirí nó na dáileoirí a chinneadh an dtabharfaidh siad lipéid dhigiteacha isteach i gcás táirgí leasacháin AE.

2.8. Oibreoirí eacnamaíocha a roghnaíonn an lipéadú digiteach, féadfaidh siad na heilimintí lipéadaithe uile atá áirithe faoi Iarscríbhinn III a chur ar lipéad digiteach agus táirgí leasacháin á soláthar acu d'oibreoirí eacnamaíocha eile nach úsáideoirí deiridh iad. Maidir le táirgí leasacháin a sholáthraítear ar an mórchóir nó i bpacáistí is mó ná 1 000 kg, is féidir lipéad digiteach amháin a sholáthar ina gcomhair d'eintiteas ar bith, ina measc d'úsáideoirí deiridh.

2.9. Beidh ar na hoibreoirí eacnamaíocha a úsáideann lipéad digiteach agus táirgí leasacháin á soláthar acu d'úsáideoirí deiridh i bpacáistí 1 000 kg nó faoina bhun sin lipéad fisiceach a chur ar fáil ina gcomhair chomh maith leis an lipéad digiteach.

2.10. An fhaisnéis ar fad a bhaineann le sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint, chomh maith leis an bhfaisnéis is tábhachtaí maidir le héifeachtúlacht agranamaíoch agus ábhar agranamaíoch an táirge, nó faisnéis eile a theastaíonn tar éis a cheannaithe, cuir i gcás faisnéis maidir le stóráil shábháilte agus diúscairt shábháilte, ní foláir an fhaisnéis uile sin a áireamh ar an lipéad fisiceach.

2.11. Leagtar síos sa togra rialacha ginearálta maidir le lipéid a dhigitiú gan idirdhealú a dhéanamh ar úsáideoirí deiridh gairmiúla agus neamhghairmiúla. Thar aon ní eile, beidh ar na hoibreoirí eacnamaíocha a áirithiú gur féidir rochtain a fháil ar an lipéad digiteach in aisce agus go mbeidh rochtain réidh air ar fud an Aontais go ceann cúig bliana tar éis an táirge a chur ar an margadh. Ní mór iompróir sonraí a bheith ar an lipéad fisiceach (mar shampla cód QR nó URL) chun rochtain réidh a fháil ar an lipéad digiteach i dtreo nach gá feidhmchlár speisialta nó uathúil a shuiteáil. Ní mór an fhaisnéis a cheanglaítear le hIarscríbhinn III a bheith ar shuíomh an lipéid dhigitigh in ionad í a bheith ar leithligh ó fhaisnéis eile maidir le margaíocht nó tairiscintí speisialta eile. Ní ceart dul thar fóir ar shuíomh an lipéadaithe dhigitigh le rianú nach bhfuil gá leis.

2.12. Ní mór an fhaisnéis ar lipéid dhigiteacha a chur ar fáil freisin ar bhealaí malartacha má iarrtar sin ionas gur féidir freastal ar riachtanais úsáideoirí leochaileacha nach bhfuil eolach ar lipéid dhigiteacha a úsáid nó nach bhfuil toilteanach dul ina muinín.

([1]) Rialachán (AE) 2019/1009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le táirgí AE a chur ar fáil ar an margadh agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2003/2003 (IO L 170, 25.6.2019, lch. 1).

([2]) IO L 304, 21.11.2003, lch. 1.

2.13. Más rud é, ar chúis éigin, nach mbeidh fáil go sealadach ar an lipéad digiteach, ní mór rogha mhalartach a chur ar fáil gan oibleagáid a bheith ar an té lena mbaineann í a iarraidh.

2.14. Leis an togra, tugtar de chumhacht don Choimisiún Iarscríbhinn III a oiriúnú a thuilleadh trína chinneadh cé na heilimintí lipéadaithe a d'fhéadfaí a chur ar fáil i bhfoirm dhigiteach d'úsáideoirí deiridh i gcás pacáistí 1 000 kg nó faoina bhun sin ag brath ar a fhorbartha atá an tsochaí.

2.15. Deir an Coimisiún go bhfuil an togra comhsheasmhach le beartas leathan an Aontais maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip, beartas arb é is aidhm dó dul i ngleic le dúshlán an aistrithe ghlais agus le dúshlán an aistrithe dhigitigh.

2.16. Tá sé beartaithe leis an togra úsáid éifeachtúil táirgí leasacháin a fheabhsú, costais lipéadaithe a laghdú maille le digitiú na hearnála talmhaíochta a chur chun cinn, agus comhsheasmhacht an togra le beartas an Aontais i gcoitinne maidir le todhchaí inbhuanaithe chliste á háirithiú ag an am céanna.

3. **Barúlacha ginearálta**

3.1. Is díol sásaimh do CESE an togra seo maidir le lipéadú digiteach a thabhairt isteach do tháirgí leasacháin. Cuid de threocht ghinearálta atá ann cur le digitiú faisnéise faoi tháirgí agus digitiú lipéad táirgí.

3.2. Ceadófar faisnéis ar lipéad digiteach a chur ar fáil i gcás soláthairtí táirgí leasacháin a chomhlíonann caighdeáin sláinte agus sábháilteachta agus caighdeáin chomhshaoil uile-Aontais (ar a mbeidh marcáil CE).

3.3. Is fadhb an-mhór é na lipéid a bheith ró-líonta. Is minic a bhíonn sé deacair faisnéis riachtanach a aimsiú, rud a fhágann gur minic neamhaird á tabhairt ag úsáideoirí deiridh ar lipéid má ráiníonn an iomarca sonraí iontu. De bhun a bhfuil leagtha síos in Iarscríbhinn III, mar atá sí á cur chun feidhme faoi láthair, is léir go bhfuiltear ag iarraidh ar na hoibreoirí eacnamaíocha an iomad faisnéise a chur ar na lipéid fhisiceacha. Céim an-mhór chun cinn is ea é gur féidir lipéid dhigiteacha a úsáid. A bhuí leis an lipéadú digiteach, is féidir an fhaisnéis fhíor-riachtanach féin agus nasc chuig an lipéad digiteach a chur ar an lipéad fisiceach.

3.4. Leis an togra, tugtar de chumhacht don Choimisiún Iarscríbhinn III a oiriúnú a thuilleadh trína chinneadh cé na heilimintí lipéadaithe is féidir a chur ar fáil go digiteach. Agus an chumhacht sin aige, is féidir leis an gCoimisiún eilimintí atá ann cheana a aistriú ón lipéad fisiceach go dtí an lipéad digiteach.

3.5. Ní mór faisnéis a bheith ar an lipéad digiteach a ligfidh don úsáideoir monaróir an táirge a shainaithint agus teagmháil a dhéanamh leis, maille le marcáil CE agus tagairt don chomhlacht comhfhreagrach faoina dtugtar fógra.

3.6. Níl aon fhoráil sa togra lena rialófaí méid agus leagan amach an lipéid fhisicigh.

3.7. Is gné thábhachtach den straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' é táirgí leasacháin a úsáid ar bhealach níos éifeachtúla, óir sonraítear sa straitéis sin é a bheith mar sprioc caillteanas cothaitheach a laghdú 50 % agus úsáid leasachán a laghdú 20 % faoi 2030. Dar leis an gCoimisiún go dtreisíonn an togra seo leis an treocht atá ann cur lena éifeachtúla atá úsáid á baint as táirgí leasacháin. Níl sé éigeantach tástáil ithreach a áireamh ar an lipéad fisiceach. Ba spreagadh an tástáil ithreach le húsáid níos éifeachtúla a bhaint as táirgí leasacháin.

3.8. I gcás ina dtoileoidh oibreoirí eacnamaíocha le lipéad digiteach a úsáid, ba cheart a mholadh go láidir don úsáideoir deiridh an lipéad digiteach a cheadú d'fhonn an tairbhe is mó is féidir a bhaint as an bhfaisnéis shainordaitheach faoin táirge.

3.9. Is ar bhonn deonach a chinnfidh oibreoirí eacnamaíocha dul i muinín lipéadú digiteach nó gan a dhéanamh. Ar mhaithe le húsáid fhorleathan an lipéadaithe dhigitigh a chur chun cinn, áfach, ba cheart é a bheith ina thosaíocht na hoibreoirí eacnamaíocha a spreagadh le dul i muinín an lipéadaithe dhigitigh.

3.10. I dTeachtaireacht 2022 an Aontais maidir le Leasacháin ([3]), leagtar béim air gur gá cur lena éifeachtúla atá leas á bhaint as táirgí leasacháin. Príomhchumasóir sa phróiseas sin is ea úsáid a bhaint as uirlisí digiteacha ina chomhair.

3.11. Ach úsáid a bhaint as lipéadú digiteach, ba cheart an deis a bheith ann airíonna na leasachán agus an chaoi leis an úsáid is éifeachtúla a bhaint astu a chur in iúl ar bhealach níos fearr, rud a rachaidh chun tairbhe don chomhshaol agus rud a ligfidh d'úsáideoirí deiridh coigilteas a dhéanamh orthu.

3.12. Is díol sásaimh do CESE go bhfuil na coinníollacha faoina gcuirfear an lipéadú digiteach chun feidhme le tabhairt isteach ar leibhéal an Aontais, ós rud é go gcruthóidh sin cothrom iomaíochta agus go gcuirfidh feabhas ar an margadh inmheánach, agus ardchaighdeán cosanta á áirithiú ag an am céanna mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2019/1009. Ina theannta sin, is ar leibhéal an Aontais, agus ar an leibhéal sin amháin, is féidir aon athruithe ar an lipéadú digiteach a dhéanamh.

([3]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa aagus Chuig Coiste Na Réigiún — Infhaighteacht agus inacmhainneacht leasacháin a áirithiú (COM(2022) 590 final) (IO C 184, 25.5.2023, lch 109).

3.13. Luaitear sa togra gur cheart pacáistí is mó ná 1 000 kg a mheas mar ollseachadtaí. B'é ab fhearr go measfaí pacáistí 1 000 kg mar ollseachadtaí agus go mbeadh lipéad fisiceach de dhíth ar phacáistí faoi bhun 1 000 kg sa bhreis ar an lipéad digiteach.

3.14. An baol go mbeidh deighilt dhigiteach ann i gcás úsáideoirí leochaileacha, ní foláir tuilleadh soiléirithe a dhéanamh faoi sin. Luaitear sa togra ón gCoimisiún nach foláir rogha eile a bheith ann seachas an lipéad digiteach nuair a iarrtar sin. Níl aon amlíne beartaithe, áfach, maidir lena luas a d'fhéadfaí rogha mhalartach den sórt sin a chur ar fáil d'úsáideoirí deiridh leochaileacha.

3.15. Cuireann CESE chun suntais gur gá a áirithiú nach mbeidh aon chórais neamhriachtanacha rianaithe i bhfeidhm ar shuíomhanna an lipéadaithe dhigitigh.

An Bhruiséil, an 14 Meitheamh 2023.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE